

## Taifead Reatha Léitheoireachta

Moltar do mhúinteoirí an treoir don obair mheasúnaithe seo a léamh i bpáirtíocht leis an Ábhar Tacaíochta 'Léitheoireacht faoi Threoir'

### Measúnú Múnlaithreach

Déantar Taifead Reatha le léitheoireacht páistí a mheas go minic agus go gasta. Is bealach é le measúnú múnlaithreach a dhéanamh le páistí ar dhóigh leanúnach agus curaclambhunaithe. Léiríonn sé leibhéal léitheoireachta an pháiste agus is féidir é a úsáid le straitéisí éifeachtacha a roghnú le tacú le páistí i bhfoghlaim na léitheoireachta. Is féidir le múinteoirí taifead a choinneáil de dhul chun cinn an pháiste, a shocrú cad iad na rudaí atá le foghlaim agus

leabhair chuí a roghnú don pháiste. Ba chóir taifead reatha a dhéanamh go luath sa bhliain agus ansin ar bhonn leanúnach i rith na bliana. Bíonn an t-eolas seo tábhachtach agus múinteoirí ag pleanáil ceachtanna amach anseo. Is féidir an t-eolas a thabhairt do thuismitheoirí maidir le dul chun cinn a gcuid páistí.



Is féidir an obair seo a dhéanamh i rith am léitheoireachta, roimh nó i ndiaidh am scoile, nó trí chomhoibriú le múinteoir/cúntóir eile. Déantar níos minice é le páistí atá ag forbairt scileanna go fadálach agus a bhfuil spriocanna cinnte de dhíth orthu.

Déantar taifead reatha le téacsanna nach bhfaca an léitheoir roimhe agus le téacsanna atá feicthe ag an léitheoir roimhe. Beidh torthaí agus spriocanna éagsúla leis an dá chur chuige seo agus is fiú nóta a dhéanamh ar an taifead reatha lena léiriú cé acu atá an téacs léite roimhe nó nach bhfuil.

### Moltaí

Le Taifead Reatha a dhéanamh, roghnaigh páiste atá ag léamh. Ba chóir don mhúinteoir a mhíniú don pháiste go mbeidh sí/sé ag breacadh síos nótaí ach é a dhéanamh go discrídeach le nach gcuirfear as don pháiste. Moltar an téacs a bheith réamhscríofa má tá múinteoir á dhéanamh seo den chéadair. I ndiaidh ama, éiríonn múinteoirí níos fearr ag an gcleachtas seo agus is leor nótaí a dhéanamh go gasta.

Agus an páiste ag léamh, déanann an múinteoir taifead de na hearráidí. Úsáideann an múinteoir

## Taifead Reatha Léitheoireachta

cód marcála ar leith (tagairt) leis na cineálacha earráidí a thaifeadadh. Is fiú chomh maith stadanna nó féincheartúcháin a chlárú nó cuidíonn siad seo le pleanáil an mhúinteora don chéad cheacht eile. Cláraigh chomh maith aon chuidiú a thugann an múinteoir.

### PRÓISEAS

1. Cuntais líon na bhfocal sa téacs (gan an teideal)
2. Cuntais líon na n-earráidí agus na bhféincheartúcháin a dhéantar sa léitheoireacht.
3. Úsáid leathanach taifeadta ar a bhfuil téacs an leabhair leis an nodaireacht a dhéanamh.



### Earráidí

(Scríobh **E** in aice le focal)

Is ionann é seo agus earráid amháin:

- Malartú focal
- Focal ar lár
- Focal curtha isteach
- Iarracht chontráilte
- Focal a fuarthas ón múinteoir
- Líne iomlán ar lár
- Leathanach iomlán ar lár (ach bain de líon na bhfocal)

### Féincheartúcháin

(Scríobh **FC** in aice le focal)

Ní earráidí iad seo, is féincheartúcháin iad:

- Féincheartúchán
- Athrá
- Iarracht cheart
- Fuaimniú amach (cláraigh le línte idir na litreacha)

Ó tharla gur sa Ghaeilge atá na páistí ag léamh tá tábhacht nach beag leis an tuiscint a mheas. Moltar a iarraidh ar an bpáiste an scéal a athinsint ina focail/fhocail féin nó roinnt ceisteanna a fhreagairt le tuiscint a léiriú.

## Taifead Reatha Léitheoireachta



### Céatadán Cruinnis a Ríomh

Agus an taifead cláraithe, ba chóir don mhúinteoir cuntas a dhéanamh ar an líon earráidí/féincheartúchán. Léiríonn na treoracha thíos an dóigh leis an gcuntas a dhéanamh. Is féidir a oibriú amach ón taifead na hearráidí a bhaineann le ciall, le struchtúr an téacs nó le radharc. Is féidir ansin an ráta cruinnis a oibriú amach agus cóimheas a fháil le líon na n-earráidí agus líon na bhfocal sa leabhar. Bíonn ráta cruinnis ann go ginearálta

faoi 90%, 90-95% agus níos mó ná 95%.

Mar gheall ar an eolas seo, is féidir le páistí forbairt go héifeachtach sa léitheoireacht. Ba chóir go mbeadh an dul chun cinn le feiceáil sa taifead reatha thar bhliain agus is féidir é seo a léiriú go soiléir. Tá leathanach glan don taifead reatha chomh maith le leathanach cláraithe san agusín. Is féidir na hearráidí agus na féincheartúcháin a shainmhíniú le brí (B), struchtúr (S) agus amharc (A).

### Ag Cur Tús le Clár Fónaice

Ag an tús, sna naíonáin, nó le páistí atá ag tosú ar an gcur chuige seo den chéad uair, is fiú an cleachtas seo a dhéanamh praiticiúil. Moltar an cur chuige seo a phlé le tuismitheoirí agus gníomhaíochtaí a chur abhaile leis na páistí don athchleachtadh. Cuidíonn trealamh ar nós litreacha maighnéadacha, cártaí imeartha, cártaí fuaimne, boird bhána agus marcóirí, bréagáin nó pictiúir de rudaí ina bhfuil fuaim ar leith. Tosaíonn páistí ag ceangal litir/litreacha (graiféimí) le fuaim, ag díriú ar fhocail ina seasann litir amháin d'fhuaim amháin ar dtús agus ar an léiriú is coitianta nó is fusa.

### Earráidí

Líon na bhfocal – líon na n-earráidí = Scór  
m.sh.  $29 - 5 = 24$

Scór roinnte ar líon na bhfocal iolraithe faoi  
 $100 =$  céatadán cruinnis

$24$  roinnte ar  $29 = .8275$  iolraithe ar  $100 = 82.75$

## Taifead Reatha Léitheoireachta

### Féincheartúchán

Léiríonn sé seo ábaltacht an léitheora sa mhonatóireacht ar a léitheoireacht féin.

earráidí + féincheartúcháin =  
Líon iomlán m.sh.  $6 + 2 = 8$

Líon iomlán roinnte ar na FC =  
Ráta m.sh.  $8$  roinnte ar  $2 = 1:4$

Cheartaigh an léitheoir seo é/í féin uair amháin in aghaidh gach ceithre fhocal a léadh go mícheart.

### Maidir leis na Céatadáin

<b>95%- 100%</b> <b>Léitheoireacht neamhspleách</b>	<b>Bog an páiste chuig téacs níos airde lena s(h)íneadh</b>
<b>90% - 94%</b> <b>Téacs teagascach</b>	<b>Tá an páiste sínte agus ag foghlaim ag an leibhéal seo</b>
<b>80-89%</b> <b>Téacs deacair</b>	<b>Bog an páiste chuig téacs ag leibhéal níos ísle.</b>



### Tagairtí

Clay, M. agus Nig Uidhir, G. (2006). Áis Mheasúnaithe sa Luathlitearthacht. Heinemann Education.

PM Benchmark Reading Assessment. (2008). Cengage Learning PTY Limited.

### CÓD MARCÁLA MOLTA

#### Léitheoireacht bheacht

*Cuir tic le gach focal a léitear i gceart*

#### Malartú focal

*Scríobh an focal a dúradh os a chionn*

#### Focal ar lár

*Cuir líne os cionn an fhocail atá ar iarraidh*

#### Focal eile a chur isteach

*Cuir isteach ^ agus an focal*

#### Athrá

*Scríobh A i ndiaidh an fhrása athráite, tarraing saighead chuig tús an fhrása*

#### Iarrann cuidiú

*Scríobh C os cionn an fhocail*

#### D'inis an múinteoir an focal

*Scríobh M in aice leis an bhfocal*

#### Féincheartúchán

*Scríobh FC i ndiaidh an fhocail*

#### Fuaimniú amach

*Scríobh an focal os cionn an fhocail atá ann le litreacha scartha*